# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2007

## TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

**DÉ LUAIN, 11 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 1.30 go dtí 3.30**

**ROINN 2 (90 MARC)**

Freagair **TRÍ** cheist.


Tá **ROINN 1** den pháipéar seo ar fhillteán ar leith mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí. Cuimhnigh air, le do thoil, go gcaithfear an fillteán comhlánaithe a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar.


**1. FLIUCHRAS AGUS TRIOMACH**

**A.** Taispeánann an léarscáil an fhrasaíocht bhliantúil (fliuchras) ina milliméadair ar fud na hÉireann. Taispeánann an léaráid gluaiseacht an aeir ag séideadh isteach ón bhfarraige thar shliabh.

**Léarscáil**

**Léaráid**




(i) Cad é an fliuchras bliantúil i gcomharsanacht Chathair Bhaile Átha Cliath? (2)

(ii) Cén t-ainm a thugtar ar línte ar léarscáileanna a thaispeánann ionaid arb ionann an fhrasaíocht iontu? (2)

(iii) Mínigh cén fáth a mbeifí ag súil leis go mbeadh an fhrasaíocht níos airde san ionad ar a bhfuil an lipéad X ar an léaráid ná mar atá san ionad a bhfuil an lipéad Y air. (6)


**B.** *Tá roinnt tíortha ann a bhaineann úsáid as scéimeanna móra uiscithe chun cabhrú leo an ceann is fearr a fháil ar fhadhbanna a bhaineann le ganntanas uisce.*

(i) Ainmnigh scéim mhórscála uiscithe **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi. (1)

(ii) Déan cur síos ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** de chuid na scéime uiscithe sin. (8)

**C.** *Tá roinnt tíortha san Afraic a fhulaingíonn mar go bhféadfadh ganntanas frasaíochta teacht de thoradh athrú aeráide.*

**Taispeánann an graf an chaoi ar athraigh leibhéal an fhliuchrais sa tSomáil in imeacht na tréimhse idir 1960 agus 2006.**




(i) Ainmnigh an bhliain ba lú fliuchras. (1)

(ii) Ainmnigh an bhliain ba mhó fliuchras. (1)

(iii) Déan cur síos ar **thrí** iarmhairt (thionchar) a d'fhéadfadh a bheith ag ganntanas mór báistí ar fhorbairt tíre ar nós na Somáile. (9)

## 2. AIBHNEACHA

### A. Gné de chreimeadh abhann

Ainmnigh gné **amháin** de chreimeadh abhann agus le cúnamh léaráide mínigh an chaoi ar foirmíodh é. (10)

### B. Gné de shil-leagan abhann

Ainmnigh gné **amháin** de shil-leagan abhann agus le cúnamh léaráide mínigh an chaoi ar foirmíodh é. (10)

### C. Aibhneacha agus Daoine

(i) Ainmnigh agus mínigh go hachomair slí **amháin** ina mbaineann daoine úsáid as aibhneacha. (5)

(ii) Ainmnigh agus mínigh go hachomair slí **amháin** ina dtruaillíonn daoine aibhneacha. (5)

## 3. MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA

**Freagair trí cinn ar bith de na ceisteanna A go D thíos.**


### A. Téamh Domhanda


(i) Luaigh agus mínigh **dhá** shlí ina gcuidíonn daoine le cruthú an téimh dhomhanda. (6)

(ii) Luaigh agus déan cur síos ar shlí **amháin** ina bhféadfadh an téamh domhanda dochar a dhéanamh do dhaoine sa todhchaí. (4)

### B. Athrú sa Daonra

Scrúdaigh na léaráidí a thaispeánann struchtúir dhaonra na Gearmáine agus na hAetóipe.








(i) Cad a thugtar ar na léaráidí seo? (1)

(ii) Déan cur síos ar an gcaoi a dtaispeánann na léaráidí na difríochtaí sna **rátaí beireatais**, sna **rátaí báis** agus san **ionchas saoil** idir an dá thír. (9)

**C. Cineálacha Ithreach in Éirinn**

Scrúdaigh an léarscáil a thaispeánann roinnt de phríomhchineálacha ithreach na hÉireann.




(i) Sainaithin an cineál ithreach is coitianta in oirdheisceart na hÉireann. (1)

(ii) Roghnaigh **dhá** chineál ithreach de chuid na hÉireann agus déan cur síos ar **thrí** dhifríocht ar bith eatarthu. (9)

**D. Fillsléibhte**

Gluaiseachtaí screamhphlátaí is cúis leis na fillsléibhte a thaispeántar sa phictiúr.



(i) Le cúnamh léaráide, mínigh an chaoi a bhfoirmítear **fillsléibhte**.

(ii) Ainmnigh raon **amháin** fillsléibhte in Éirinn. (10)

## 4. SUÍOMH TIONSCLAÍOCHTA AGUS STAIDÉAR UIRBEACH

### A. Suíomh Tionsclaíochta

Tá athrú tagtha le himeacht aimsire ar shuíomh ginearálta thionscal iarainn agus cruach na Breataine. Mínigh cén fáth ar tharla sé seo. Tá cead agat an léaráid thíos a úsáid chun cabhrú leat.

| Suímh ársa foraoise | → | Suímh ghualcheantair de chuid na Réabhlóide Tionsclaíche | → | Suímh nua-aimseartha cois cósta |
|---|---|---|---|---|

(10)

### B. Athnuachan Uirbeach

Taispeánann an pictiúr ceantar i mBaile Átha Cliath a bhfuil athnuachan uirbeach déanta air.



(i) Cad is athnuachan uirbeach ann?

(2)

(ii) Mínigh an chaoi a bhfuil athnuachan uirbeach tar éis dul chun leasa an phobail áitiúil i gceantar uirbeach Éireannach **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(8)

### C. Feidhmeanna Uirbeacha

Tá athrú tagtha ar fheidhmeanna mórán bailte le himeacht aimsire.

Maidir le baile nó cathair ainmnithe **amháin** in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat air/uirthi, déan cur síos ar an gcaoi a bhfuil athrú tagtha ar a c(h)uid feidhmeanna. Bíodh tagairt i do fhreagra agat do **thrí** fheidhm dhifriúla.

(10)

## 5. SUIRBHÉIREACHT ORDANÁIS AGUS AERFÓTAGRAF

**A.** Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar **léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**. Taispeáin gach ceann de na gnéithe seo a leanas ar do shracléarscáil agus ainmnigh iad:

- An limistéar faoi fhoirgnimh i nDroichead Átha
- Eastát tionsclaíoch laistigh den limistéar faoi fhoirgnimh i nDroichead Átha
- An seaniarsma is faide ó thuaidh a thaispeántar ar an léarscáil
- Mótarbhealach
- Teorainn an chontae

(12)

**B.** Ag baint úsáide as **léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis** duit, ainmnigh agus déan cur síos ar **dhá** ní dhifriúla is ábhar spéise do thurasóirí i gceantar Bhaile an Bhiataigh (Bettystown) agus na hInse (Laytown) ar thaobh thoir agus ar thaobh thoir theas na léarscáile.

(12)

**C.** Ainmnigh agus tabhair suíomh **dhá** úsáid dhifriúla a bhaintear as an talamh a thaispeántar san **Aerfótagraf**.

(6)

**LEATHANACH BÁN**